# Guth Ghoill

Luach € 2.00




**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 / Facs: 074 9154830 / Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR


Annie Nic Lochlainn 3

Ros na Binne
Ar leanstan 4

Longbhriseadh An
H.M.S. Wasp 7

An Crann
le Proinsias Ó Cuilinn 8

Féile Chéim Aniar 2011 9

Oíche Scéaldrámaíochta 12

Feadaímó 13

Ag Amharc Siar 15

Éigse Sheáin Bháin 16


© Céim Aniar

## Annie Nic Lochainn.
## (Annie John Pheigí).



Tá Annie Nic Lochlainn nó Annie John Pheigí mar is fearr aithne uirthi ar an duine is sine i bParóiste Mhíobhaigh.

Rugadh í ar ar an Chloich Bháin ar an dara lá de mhí Dheireadh Fómhair 1912 agus bhí sí ar an duine ab óige de cheathrar clainne a rugadh do Dhonchadh Mac Giolla Bhríde (Donchadh John Pheigí) as an Chloich Bháin agus do Bhríd Nic Giolla Bhríde (Bríd Phaidí Éamoin) as Gort na Luchóg. Bhí beirt ghirseach eile, Madgie (1909), Máire (1910) agus gasúr amháin a raibh Nead air (1911) sa chlann.

Chuaigh Madgie go hAlbain áit ar chaith sí a saol, fuair sí bás thall. D'imigh Nead 'na chogaidh agus ní raibh iomrá ar bith air ar feadh tréimhse fhada agus síleadh sa deireadh gur maraíodh é sa chogadh. Ach rinneadh fiosrúchán agus fuarthas san Iodáil é. Tháinig sé 'na bhaile ansin agus chaith sé coicís ar an Chloich Bháin sul ar imigh sé go hAlbain. Níor phill sé ar an bhaile ní ba mhó agus cuireadh thall é tuairim is deich mbliana is fiche ó shin. Ní raibh Máire ach dhá bhliain déag agus í i ndiaidh a dhul faoi lámh an Easpaig nuair a bhuail eitinn í. Níor mhair sí ach cúpla mí go dtí go bhfuair sí bás.

Chuaigh Annie go seanscoil Mhíobhaigh agus chaith sí traidhfil de bhlianta fosta ar an scoil úr nuair a fosclaíodh í i 1923 comh maith le tréimhse a chaitheamh ar scoil Cheann na Leargaí.

Deir Annie nach dtabharann obair chruaidh bás dhuine ar bith agus leoga macasamhail na ngirseach eile a bhí fán cheantar ag an am chonaic siad go leor de léan agus de chruatan an tsaoil ach tháinig siad fríd agus cha chaitheann siad a gcuid ama ina suí sa chlúid ag mairgnigh ná ag caoineadh faoi. Mar chruthú ar seo níl a dhath le déanamh agat ach ruaig a thabhairt isteach ag Annie agus gheobhaidh tú ansin bean atá gealgháireach croíúil agus lán de ghreann, í lán de chuimhní cinn agus intinn bhreá ghéar aici go fóill. Is spreagadh í.

Bhí an cineál céanna saoil ag Annie ina hóige agus a bhí ag furmhór na ngirseach óg thart fán cheantar seo na blianta sin. Chaith sí tréimhsí ama ag obair thall is abhus – tamall istigh i nDoire ag obair d'fheirmeoirí, seal ar an Cheathrú Chaol - obair a bhí maslach. D'oibrigh sí ansin páirt mhaith dá saol sa teach níocháin in Óstlann Ros na Binne.

Nuair a bhí Annie ceithre bliana is fiche phós sí Neidí Mac Lochlainn (Neidí Jimí) as Gort na Luchóg agus bhí cúigear clainne acu - Bidí, Donchadh, Jimí, Máire agus Neidí. Fuair Bidí, an duine ba sine sa teaghlach agus a bhí pósta ar Johnny Mac Rodaigh, bás gan choinne roinnt blianta ó shin, cha raibh sí ach caoga agus a hocht.

Tá Annie ina cónaí i Leargán Riabhach anois lena mac Neidí agus í i mbarr a sláinte. Deir sí go gcuidíonn obair chruaidh agus bia folláin, macasamhail bia farraige, leis an chorp agus go dtabharann seo saol fada do dhuine.

Guímis uilig Nollaig shona shíochánta di agus bliain úr fholláin shíochánta i 2012.

## Lasadh na soilse ar an Chruib i gCluain tSaileach.



# *Ros na Binne*

*Ar leanstan*

**Teach Mhuisleac.**



Gearóid agus Pádraig Ó Luadhóg taobh amuigh den teach i Ros na Binne.

Seo an dara teach sa tsraith uachtarach i Ros na Binne in aice le teach Stephen. Teach Mhuisleac a tugadh air nuair a d'aistrigh Nóra Bn. Mhic Giolla Bhríde nó Nóra Mhicí Chanainn mar ab fhearr aithne uirthi isteach sa teach seo lena clann sa bhliain 1910.

An Muisleac a glaotar ar an limistéar talaimh agus na beanntracha atá ar chúl Ostlann Ros na Binne. Nuair a phós Máire Nic Giolla Bhríde (Máire Eoin Dhomhnaill) as Gort na Luchóg Seán Mac Giolla Bhríde as Gort na Brád timpeall na bliana 1856 chuaigh siad a chónaí i dteach ar an Mhuisleac. Char tugadh uirthi riamh ina dhiaidh sin ach Máire Mhuisleac agus dar ndóigh mar a tharlaíonn le hainm neamhchoitianta mar sin baisteadh an t-ainm céanna ar a clann agus clann a clainne. Bhí an teach ina shuí ar an ard os cionn Óstlann Ros na Binne go dtí gur leagadh é roinnt blianta ó shin le háit a dhéanamh do na tithe saoire.



Nóra Bn. Mhic Giolla Bhríde

Rugadh naonúr clainne dóibh ansin ar an Mhuisleac agus duine acu sin ab ea Nead (Nead Mhuisleac) a rugadh timpeall na bliana 1861. Pósadh Nead agus Grace Friel 1894 agus bhí duine amháin clainne acu, ba sin Ellen. Fuair Grace bás go gairid ina dhiaidh seo agus pósadh Nead arís agus ba Nóra Ní Chanainn as an Ard Bhán an dara bean a bhí aige agus bhí cónaí orthu ar an Mhuisleac le máthair Nead. Rugadh ceathrar clainne dóibh ansin - Máire 1899, John 1900, Ellen 1901 agus Annie 1902. Ach ar an drochuair fuair Nead bás go luath ina dhiaidh seo agus d'aistrigh Nóra go dtí an teach coiteara i Ros na Binne lena clann óg agus thug sí ainm an tseantigh léithe - Teach Mhuisleac.



Ellen agus John

Cha raibh an bheirt a ba sine sa chlann pósta agus cha raibh aois mhór acu ach oiread nuair a fuair siad bás, John i 1944 agus Máire deich mbliana ina dhiaidh sin 1954.

Bhí Annie pósta ar Leonard Riley, bhí sé ag obair in Óstlann Ros na Binne áit ar oibrigh Annie í fhéin i rith a saoil ach ar an drochuair fuair sé bás óg. Bhí Annie beo sa teach inár tógadh í i Ros na Binne go dtí go bhfuair sí bás 1972 agus gan í ach na deich mbliana agus trí scór.

Phós Ellen James 'Ac Fhionnlaoich as Cnoc na Marbh agus bhí cónaí orthu i Leargán Riabhach áit ar thóg siad a gclann. D'fhan Theresa lena haintín Annie i Ros na Binne agus tógadh an chuid eile den chlann, Máire, Nóra, Philomena, Bernadette, Ann, Josephine agus Doreen i Leargan Riabhach. Tá Bernadette agus Josephine ar shlí na fírinne le tamall de bhlianta, go ndéana Dia trócaire orthu. Bhí Bernadette pósta sa Fhrainc agus Josephine pósta i gCarraig Airt ar



*Ina suí tá Annie agus a fear céile Leonard ar lá a bpósta. Ar a gcúl, ina seasamh, tá Nóra, máthair Annie (an tríú duine ó chlé), John (ceathrú duine ó chlé), Maire (cúigiú duine ó chlé), Ellen (seachtú duine ó chlé) agus ina sheasamh ar dheis tá Davy Mac Giolla Shionnaigh. Tchífidh tú chun tosaigh, ar chlé, babaí de mhuintir Bullock ag éalú siar ar chúl.*

Mhicheál Mac Rodaigh. Phós Máire Brian Mac Suibhne agus bhí cónaí orthu i gCill Mhic nÉanáin áit ar thóg siad a gclann ach fuair Brian bás tobann cúpla bliain ó shin. Thóg Ann a clann sna Dúnaibh áit a bhfuil sí pósta ar Tommy Robinson as Cill Mhic nÉanáin. Phós Doreen



*Doreen, Josephine, Ann, Bernadette, Philomena, Nóra, Máire agus Theresa*

Aodh Mac Giolla Bhríde agus tá cónaí orthu lena gclann i Leargan Riabhach. Tá Philomena agus Nóra pósta agus ina gcónaí i Sasana.

Sa bhliain 1957 phós Theresa Pádraig Ó



*Ann, Ellen, James, Nóra, Tony (Mac Nóra) & Adrian agus é ina ghasúr óg.*



*Paidí agus Theresa*

Luodhóg as Na Dúnaibh nó Paidí John Eoin mar ab fhearr aithne air. Beirt chlainne a rugadh do Theresa agus Paidí, beirt ghasúr, Gearóid agus Pádraig. Fuair Paidí bás ina fhear óg i mí Aibreán na bliana 1973.

Roinnt blianta ó shin le linn do Ghearóid agus dá mháthair a bheith ina gcodladh sa teach bhris tine amach ann ach go hádhúil le Dia tháinig siad amach slán sábháilte ón tine ach bhí an oiread sin damáiste déanta don teach gurbh éigean é a leagan agus tógadh teach úr ina áit. Fuair Theresa í fhéin bás ar an chúigiú lá déag d'Aibreán 2007. Bean lách chairdiúil a bhí inti agus is cinnte gur chuir sí go mór le cibé cuideachta ina mbíodh sí.



*Gearóid*

Tá Pádraig thall i Londain ó dheireadh na n-ochtóidí áit a bhfuil sé ag reáchtáil teach tabhairne, an "Sheephaven Bar". D'imir Pádraig d'fhoireann peile na nDúnaibh ar feadh blianta fada, ba chúl báire den scoth a bhí ann agus leoga thiocfaí a rá nach raibh cúlbáire acu roimhe sin ná ó shin a bhí ionchurtha leis. Is iomaí bonn a bhain Paidí as a chuid éachtaí ar pháirceanna peile an Chontae agus níos faide ó bhaile, ina measc dhá bhonn Uile-Éireann i gComórtas Peile na Gaeltachta - sóisear 1982 agus sinsear 1983, comh maith le Craobh Idirmheánach an Chontae 1987. Agus má tá sibh thall fá Londain am ar bith ná déanaigí dearmad ruaig a thabhairt isteach go huimhir 2 Mornington Street, i Londain, seo teach tabhairne Phaidí, agus is cinnte go gcuirfear fáilte mhór romhat. Tá Gearóid ina chónaí i Radharc na Mara agus ag obair sa "Bharra Beag" sna Dúnaibh.



*Padraig Ó Luadhóg*




*Doreen, Aodh agus a iníon, Donna taobh amuigh de theach tábhairne Phádraig Ó Luadhóg i Londain.*

# Longbhriseadh An H.M.S. Wasp ar Oileán Thoraigh.



Bhí feachtas an díshealbhaithe faoi lán seol in iarthar Dhún na nGall idir 1882 agus 1888 de bhrí gur ardaigh na Tiarnaí Talún na cíosanna go dtí leibhéal nach raibh ar chumas na ndaoine a íoc. Tá a fhios againn uilig faoi ansmacht an Chaptaen Hill i nGaoth Dobhair agus an díshealbhú a rinne John George Adair i nGleann Bheithe níos luaithe sa chéad. Bhí a mhacasamhail ag dul ar aghaidh ar Oileán Thoraigh ag an Tiarna Sir John Olphart ach ghlac na daoine leis an chomhairle ó Chumann na Talún gan cíos ar bith a íoc ní ba mhó. Cuireadh beirt bháillí chun an oileáin i gcuideachta roinnt póilíní ach cuireadh an ruaig orthu amach as an áit go luath.

Bhí plean ag an rialtas lámh chuidithe a thabhairt do na tiarnaí talún, áfach, agus seoladh H.M.S.Wasp, bád gunna 435 tonna, ó thuaidh as Cathair na Mart ar an 20 Meán Fómhair 1884. Bhí orduithe ag an Chaptaen póilíní, báillí agus an Breitheamh Mr. Harvey a thabhairt ar bord ag Bun a' Phobail chun cíosanna a thógáil i dToraigh agus áiteacha eile ar an chasán.

Ach bhí mí-ádh ar aistear an Wasp ón tús. Bhrúigh an ghaoth aduaidh í go maith ar shiúl óna cúrsa go dtí go deachaigh sí ar seachrán sa dorchadas. Ghéaraigh an ghaoth agus mhéadaigh luas an bháid go dtí nach raibh a fhios ag an fhear stiúrtha cá raibh sé ar chor ar bith. Ba oíche dhoineanta, dhorcha a bhí ann mar a bhíonn sé go minic ins an chuid sin den iarthuaisceart ag an am sin den bhliain ach cé go raibh an soitheach in aice le Teach Solais Thoraigh, níor léar don fhoireann cladach an oileáin.

Bhuail sí na carraigeacha ag Bun na Leice agus í faoi dhá scór slat ón chladach thuaidh, ach níor sábháladh ach seisear mairnéalach as an chaoga a hocht a bhí ar bord. Bádh an Captaen Nicholls ina chábán agus bádh fosta iomlán na n-oifigeach a bhí ar bord. Tharla an tubaiste ar a tri a chlog ar maidin an 21 Meán Fómhair 1884.

Ar feadh roinnt laethanta ina dhiaidh sin tháinig coirp agus trealamh mairnéalach i dtír leis an lánmhara agus landáil soitheach eile, an Bounty, gur phioc sí suas ceithre chorp déag agus an seisear a tháinig slán. Tháinig coirp eile isteach leis an taoide nuair a bhí an Bounty imithe agus cuireadh iad siúd sa 'Reilig Gallda' os cionn na mbeann ar scriosadh an Wasp orthu tamall roimhe. Fuarthas tuilleadh corp ar tír mór agus tá siad sin curtha i bPort na Bláthaí agus i Machaire Gathlán. Deir Leaslaoi Lucas, ina leabhar 'Mevagh Down the Years' go bhfuil ceithre chorp ó bhád gunna an 'Wasp' curtha i seanreilig Charraig Airt. Cuireadh triúr ar an 28 Deireadh Fómhair agus an ceathrú corp ar an 30 Deireadh Fómhair 1884.

Ach caidé an dóigh a dtiocfadh le tubaiste dá leithéid seo tarlú? Seo í an cheist agus tá níos mó ná teoiric amháin a thugann faoi mhíniú a thabhairt ar an eachtra seo. Deir daoine go raibh fear ag obair i dTeach an tSolais an oíche údaí agus gur chuir seisean an solas de chun an Wasp a chur ar seachrán. Níos moille anonn chuaigh beirt fhear eile suas leis an lampa a lasadh ach bhí siad rómhall no bhí an soitheach sna smeachannaí deireanacha faoin am sin. Tháinig siadsan uirthi ar a leataobh ar na carraigeacha ag bun na mbeann agus le cuidiú ó dhaoine eile, d'éirigh leo an seisear nár bádh a thabhairt i dtír.

Deir daoine eile go raibh cúis ní b'urchóidí ag baint leis an longbhriseadh: De réir an tseanchais, bhí an tOileán faoi choimirce Naomh Colmcille ón am a smachtaigh sé an phágántacht ann agus go bhfuil sé mar chuid dá thairngreacht nach gcuirfí amach as a gcuid talaimh iad a choíche.

Bhí nós ag muintir an oileáin, ag dul siar go dtí am Cholm Cille, turas a dhéanamh thart ar áiteacha naofa an oileáin. Thug siad An Turas Mór air agus ba rud cráifeach a bhí ann, ach dá mbeadh fonn a mhalairte orthu, bhí an gnás acu an Turas Mór a dhéanamh i dtreo tuathalach. Nuair a chuala bunadh Thoraigh go raibh an Wasp ar a bealach, deirtear go ndearna siad amhlaidh agus ní hé amháin sin ach gur thiontaigh siad Cloch na Mallachta ar an Wasp chomh maith agus gurb é seo ba chúis leis an longbhriseadh! Chreid bunús an phobail gurbh é Colm Cille féin a shábháil iad an oíche léanmhar sin agus nach raibh sé ach ag comhlíonadh an ghealltanais a thug sé do bhunadh an oileáin fada ó shin. Is iad seo beirt de na teoiricí a bhfuil baint acu leis an eachtra agus b'fhéidir go bhfuil do thuairim féin agatsa ach i gcás ar bith, is cuma cé acu teoiric a chreideann tú, chuaigh an Wasp go grinneall na farraige. Tá an chúis ina rúndiamhair go dtí an lá atá inniu ann. Agus beidh.

*Caoimhín Mac a'Bhaird*

# An Crann

Le Proinsias Ó cuilinn



Chonaic mé é, seanchrann feá,
ar bhruach Chuan na Long
ina sheasamh,
Tá sé ansin leis na cianta
níl aon amhras fá sin,
na préamhacha sáite go domhain
ins an talamh.

I bhForaois na hArdaigh
faoin mhainistir álainn,
seasann sé go bródúil sa pháirc.
Spréann na craobhacha mórga amach
i ngach aird óna cholainn
mar a bheadh sciatháin fathaigh
ag bagairt.

Tá suíochán in aice leis,
shílfeá i dteallach an chrainn,
i lár radhairc nach ndéanfaí a shárú.
Is tú i do shuí ar do shuaimhneas
faoi scáth an chrainn ríoga,
ar a shaol seanda déanann
tú machnamh.

Cén aois atá tú, a Ard-Rí
na Foraoise?
an cuimhin leat laethanta d'óige?
Cad é iad na cathanna a troideadh
anseo romhat?
is tú mar fhianaise tostach
na conspóide.

Cad é fá Chlann tSuibhne
is Caisleán na dTuath?
An bhfaca tú a bhunchloch
a leagan?
Ar shuigh Maolmhuire anseo is a
Bhata Buí ina lámh,
is todhchaí na nGael Uasal faoi scamall?

Chuaigh Eoghan Rua é fhéin
tharat anseo
is é ar a bhealach chuig an chaisleán.
Ar thug tú é fá deara nó ar thuig tú
a thábhacht?
Is é mar aidhm aige an saol Gaelach
a tharrtháil.

An bhfaca tú ár muintir is an Gorta
a scriosadh?
Ar thit mórán anseo faoi do scáth?
An raibh deor i do shúil nuair a chonaic tú
an scriosadh,
Is iad uilig curtha i dtalamh
gan trácht?

An raibh an deoraíocht trom
anseo i do cheantar?
is iad ag fágáil ina sluaite ar thraein?
An deachaigh siúlóidí tharat
is na daoine croí bhriste?
is a saolta le caitheamh
i gcéin

Ó, a chrainn uasail, dá dtiocfadh
leat labhairt,
dá gcuirfeá d'eolas i bhfoirm amhráin
nó ceoil.
Bheadh saibhreas is iontas i ngach focal
táim cinnte,
Bheadh gach rúin is gach abairt
mar ór.

Ní tharlóidh sin is tá sé in am
domhsa imeacht,
Fágaim slán leatsa is le críonnacht
do stóir.
Tá saol fada tharat is níos faide
amach romhat
Suífidh glúnta anseo leat go fóill.

# Féile Chéim Aniar 2011

Seo an dara bliain do Chéim Aniar an fhéile seo a reáchtáil agus bhí os cionn céad dalta páirteach ann arís i mbliana. Bhí dhá chomórtas ar siúl, Comórtas Aithris Filíochta do pháistí bunscoile ó na Naíonáin ar aghaidh agus do dhaltaí meánscoile agus comórtas agallamh beirte do dhaltaí bunscoile ó Rang 3 ar aghaidh agus do dhaltaí meánscoile. Bhí na comórtais seo oscailte do dhaltaí scoile sa cheantar seo agus sna ceantracha máguaird agus bhí páistí anseo ó Bhaile na Finne, ó Chill Mhic nÉanain, ón Chraoslach, ó Scoil Eoin Baiste i gCarraig Airt, agus ó Scoil Cholmcille i nDuibhlinn Riabhach, chomh maith le muintir na nDúnaibh.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le hÚdarás na Gaeltachta, le Comhairle Contae Dhún na nGall agus le Raidió na Gaeltachta as a gcuid tacaíochta don fhéile seo. Ba mhaith linn fosta ár mbuíochas a chur in iúl do na moltóirí, Seán Ó Morónaigh (Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta) agus Frances Nic Géadaigh (Raidió na Gaeltachta), do Mheitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn agus do na tuismitheoirí a chur sólaistí galánta ar fáil agus a chuidigh linn ar an lá. Seo thíos traidhfil pictiúr ón lá. →



# Duaiteoirí na Féile

## Comórtas Aithris Filíochta

Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra: *Fionnuala Ní Bhaoill, Baile na Finne (An chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lúcas), Máirtín Dugera, Céim Aniar (An dara háit) Rachel Ní Bhuaidh, Scoil Eoin Baiste agus Tiernán Mac Pháidín, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).*

Rang 1 & 2: *Lisa Dugera, Céim Aniar (An chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Odhrán Mac Conaglaigh, Céim Aniar (An dara háit), Lóirín Scott, Cill Mhic nÉanain agus Sionnan Ní Bhléine, Scoil Eoin Baiste (An tríú háit roinnte).*

Rang 3 & 4: *Cathair Ó Raghallaigh, Naomh Mhuire (An Chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Micheál Pasoma, Céim Aniar (An dara háit), Cathaoirín Ní Shibhleáin, Céim Aniar agus Aobha Ní Ghallachóir, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).*

Rang 5 & 6: *Raonaid Ní Dhúbhláin, Naomh Mhuire (An chéad áit - Corn Céim Aniar), Síle Ní Threartaigh, Céim Aniar (An dara háit), Sinéad Ní Ghallachóir, Scoil Eoin Baiste & Sophie Pastor, Scoil Cholmcille (An tríú háit roinnte).*

Meánscoil: Míobha Nic Fhinneachta, *Céim Aniar (An chéad áit - Corn Údarás na Gaeltachta), Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Céim Aniar (An dara háit) agus Ailín Pasoma, Céim Aniar (An tríú háit).*

Duais Speisialta don Iomaitheoir Áitiúil is fearr: *Micheál Pasoma, Céim Aniar (Corn Ghuth Ghoill).*



Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra



Rang 1 & 2



Rang 3 & 4 leis an mholtóir, Seán Ó Morónaigh



Rang 5 & 6



Meánscoil



Iomaitheoir Áitiúil is fearr:
Mícheál Pasoma leis an Oifigeach Ealaíne,
Proinsias Ó Cuilinn

## Comórtas Agallamh Beirte

Rang 3 & 4: *Cathaoirín Ní Shibhleáin & Sophie Ní Chonchúir (An Chéad áit), Aobha Ní Ghallachóir & Clíodhna Nic Óitir (An dara háit), Máire Nic Aoidh & Nadine Nic Suibhne agus Michéal Pasoma & Rónán Ó Gallachóir (An tríú háit roinnte)*

Rang 5 & 6: *Hannah Ní Chanainn & Caitlín Nic Íomhair (An Chéad áit), Conchúr Ó Buaidhe & Pádraig Mac Finneachta (An dara háit), Éamonn Ó Raghallaigh & Raonaid Ní Dhúbhláin agus Laura Pasoma & Rebecca Nic Nuadht (An tríú háit roinnte).*

Meánscoil: *Ruaidhrí Mac Conaglaigh & Ailín Pasoma (An chéad áit), Brónach Ní Ghallchóir & Eimear Ní Threartaigh (An dara háit) agus Míobha Nic Fhinneachta & Conchúr Ó Cathasaigh (An tríú háit).*




Rang 3 & 4




Rang 5 & 6



Meánscoil

# Oíche Scéaldrámaíochta sna Dúnaibh



Bhain an lucht féachana sult go bráth as an oíche mhór a bhí againn nuair a tháinig aisteoirí agus ceoltóirí ó Luimneach, ó Chonamara, ó Charn Tóchair agus ó Bhéal Feirste le chéile i gcuideachta le hAisteoirí Mhíobhaigh agus ceoltóirí na háite in Óstán na Trá sna Dúnaibh ar 26 Samhain. Sa phictiúr thuas tá na foirne drámaíochta uilig a ghlac páirt san fhéile.



Ba mhaith le Céim Aniar buíochas a ghabháil le Seán Ó Morónaigh agus leis an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus le hÚdarás na Gaeltachta as a gcuid tacaíochta don fheile seo.





## Feadaímó

Tá Feadaímó i ndiaidh bád a chur san abhainn i gcathair Dhoire. Tá Seán gortaithe, chuir duine de na saighdiúirí piléir ina chos, agus tá sé ina luí sa bhád. Tá saighdiúirí a gcuardach agus chuala Feadaímó iad ag scairteadh lena chéile ach tá an oíche dhomhain ann agus níl soilse ar bith thíos ag an abhainn. Chuala Feadaímó trup capall agus tháinig scuad dragún thart an coirnéal. Choinnigh Feadaímó greim ar an bhád agus luigh na boic eile san fhéar fhada agus labhair Éamonn i gcogar leo. "Má thag-ann siad an bealach seo ar na capaill sin, a fheara, ní bheidh faill againn uilig dul ar an bhád. Cha bhíonn a dhath fána choinne ach léimint san abhainn." "Níl snámh ar bith agamsa," arsa Páidí. "Fuistigí," arsa Feadaímó, Stad an scuad ar an tsráid thart fá fiche slat ón áit ina raibh siad ina luí. Chuala siad an ceannaire ag labhairt le duine de na saighdiúirí. "Which way did they go sergeant?" "Beggin yer pardon Captain sir, but we're not quite sure," arsa an sáirsint. "We chased them down this road but they seem to have gone to ground somewhere." "Spread out and search down by the river, we've got to catch them." "Yes sir," arsa an sáirsint, "but it aint gona be easy. The night's as black as a hang-man's heart." "No excuses sergeant," arsa an Captaen, "they've got a Colonel as hostage for heavens sake. Now go to it." "Right away sir," arsa an sáirsint, agus scairt sé amach i nglór ard láidir. "Spread out boys, search the river banks, every damn inch of them." Rinne an Captaen dhá leath den scuad dragún agus d'imigh siad le rása, dream amháin ó thuaidh agus an dream eile ó dheas ag leanstan na habhann.

"A Phaidí," arsa Feadaímó, "coinnigh greim ar an bhád bomaite. Isteach leis an chuid eile agaibh go tapaigh." Shuigh sé fhéin i lár báire agus bheir sé ar na rámhaí. Léim Éamonn isteach agus stróic sé píosa dá léine le ceangal thart ar ghoin Sheáin. Shuigh Domhnall agus Tuathal isteach chun tosaigh. "Cá bhfuil an Coirnéal?" arsa Feadaímó le Domhnall. "Níl sé ag teacht," arsa Domhnall, agus é ag amharc ar a ghunna. "Cha raibh dóigh ar bith a dtiocfadh linn é a thabhairt linn sa bhád seo, a Fheadaímó, agus is cinnte nach raibh mé chun é a fhágáil beo i mo dhiaidh." Cha raibh a fhios ag Feadaímó cad é le rá. Char chuir bás an Choirnéil isteach air ach chuir sé iontas air go scaoilfeadh Domhnall príosúnach. Chonaic duine de na saighdiúirí iad agus thosaigh sé ag scairteadh. Bhrúigh Páidí an bád ar shiúl ón bhruach agus léim sé isteach. Tharraing Feadaímó ar na rámhaí agus d'imigh siad leis an tsruth.

Bhí an lán mara ag teacht isteach agus chuidigh sin leo ach bhí lód mór sa bhád agus bhí sé doiligh ar Fheadaímó í a iomramh. Tháinig tuilleadh de na saighdiúirí a fhad leis an bhruach ach bhí an bád amach as radharc sa dorchadas fán am sin agus Feadaímó a treorú i dtreo an bhruaigh iartharaigh. Cha raibh siad deich mbomaite san abhainn nuair thug Seán fá deara go raibh uisce ag teacht isteach sa bhád. "Tóg mé amach as an uisce seo a fheara," a dúirt sé. ' tá an bád seo lofa." Thóg Éamonn é, chomh cúramach is a bhí se ábalta, agus chuir sé é ar an suíochán. "Chan iontas ar bith go raibh an bád seo caite ansin," arsa Paidí. "Bhí an t-ádh orainn go raibh se ansin," arsa Éamonn, "ab é go raibh, bheadhas muid uilig arís sa bheairic fán am seo." Mhothaigh Feadaímó an t-uisce ar a chuid loirgneacha ach choinnigh sé leis ag iomramh. "Sílim a fheara," a dúirt sé, "go mbeadh sé níos fearr dá stadfadh sibh den chaint agus rud éigean a dhéanamh fán uisce." "Níl a dhath againn le hé a chaitheamh amach," arsa Páidí. "Nach bhfuil buataisí oraibh?" arsa Feadaímó go searbh, "agus déanaigí deifre nó rachaidh sí síos sula mbíonn muid leath bealaigh trasna." "Tá shúil agam nach dtarlaíonn sin," arsa Tuathal. "Chuala mé go raibh eascanna san abhainn seo atá chomh mór le capaill." "Druid do bhéal, a Thuathail," arsa Éamonn agus é ag amharc ar an uisce. D'amharc Feadaímó thart ar Dhomhnall. "Tá tusa creathnach ciúin, a Dhomhnaill, nach síleann tú gur chóir duit cuidiú linn? "Tá mé bu-artha," arsa Domhnall, "ach bhí rud éigin ar m'intinn." Bhain sé de ceann dá chuid buataisí agus thosaigh sé ag caitheamh amach uisce. Bhí barúil mhaith ag Feadaímó fá cad é a bhí ar intinn Dhomhnaill ach char dúirt sé a dhath mar bhí go leor le déanamh acu uilig leis an abhann a thrasnú.

"Fuist!" arsa Páidí, "Fuistigí! A Fheadaímó, stad." Thóg Feadaímó na rámhaí agus shuigh siad go suaimhneach ag éisteacht. Chuala siad glórtha ar an uisce. "Tá bád amuigh acu," arsa Domhnall i gcogar, "má thagann siad orainn amuigh anseo sa bhád seo, ní bheidh éalú ar bith ann." D'amharc Feadaímó go géar isteach sa dorchadas agus de réir a chéile bhí sé ábalta seol báid a dhéanamh amach ar an taobh ó thuaidh dofa. "Ta bád seoil acu agus beidh sé deich n-uaire níos tapúla ná an rud seo," a dúirt sé. "Ná bogaigí, agus ná labhraígí," arsa Éamonn. "Cha dtig linn fanacht anseo mórán eile," arsa Feadaímó, beidh an lá ag bánú am ar bith agus tchífidh achan saighdiúir i gcathair Dhoire muid." "Tá an ceart agat ansin," arsa Domhnall agus é ag amharc soir. "Beidh an ghrian ag gobadh aníos am ar bith." Bhí stríoc gheal le feiceáil sa spéir agus de réir a chéile bhí siad ábalta aghaidheanna na bhfear i mbád s'acu fhéin a dhéanamh amach. "Beidh na saighdiúirí ag feitheamh orainn ar an taobh eile muna ndéanann muid deifir," arsa Páidí. "Má bhogann muid gheobhaidh an bád seoil muid," arsa Seán agus pian ina ghlór, "agus muna bhfaighimse an piléir seo amach as mo chos gan mhoill ní bheidh me ag dul áit ar bith." "Tubaiste ar bhuin tubaiste, sin saol s'againne ó d'fhág muid Leitir Ceanainn leis an táin," arsa Éamonn, "agus de réir cosúlachta níl athrú ar bith ag teacht ar an mhí-ádh. Tá níos mó airgid i mo phóca agam ná mar a bhí agam ariamh ach cad é'n mhaith anois é." Sheas Feadaímó sa bhád agus lig sé scread as. "Help, hoí, help. "Scrios Dé ort a Fheadaímó," arsa Domhnall, "cad é faoi Dhia atá tú ag déanamh?" Chuala siad fir ag scairteadh sa bhád eile. "This way," scairt Feadaímó, "hurry up, we're sinking." Shuigh na boic eile ansin ag amharc air agus iontas an domhain orthu uilig. Gan mhoill bhí siad ábalta seol an bháid eile a dhéanamh amach agus é ag tarraingt orthu. "Bhail, maith thú, a Fheadaímó," arsa Domhnall, "char shíl mé ariamh go dtabharfá isteach gan troid de shórt ar bith a dhéanamh. An dear tú dearmad go bhfuil an Coirnéal marbh? Beidh an t-ádh orainn má chuireann siad muid os comhair breithimh sula gcrochann siad muid."

Bhí an bád seoil níos cóngaraí dofa anois agus chonaic siad saighdiúirí agus gunnaí in a lámha acu. Shuigh



Feadaímó agus chuir sé a dhá lámh in airde. “A fheara,” a dúirt sé i gcogar, “cuirigí suas bhur lámha agus lig domhsa an chaint a dhéanamh. Ní bheidh ach deis amháin againn anseo le fáil amach as an fhaopach ina bhfuil muid. Má éiríonn leo muid a thabhairt i dtír beidh ár bport seinnte.” “Cad chuige ar ghlaoigh tú orthu?” arsa Páidí. “Cá raibh muid ag dul leis an bhád seo? arsa Feadaímó go feargach. “Leathuair eile is bheadh sí ar an ghrinneall. Anois, fan go bhfuil muid uilig ar an bhád eile agus nuair a scairtimse ‘Tír Chonaill’ ná taispeánaigí trócaire ar bith dofa. Caithfear iad uilig a chur chun báis. Tá muid uilig ciontach i mbás an Choirnéil agus cha dtig leo muid a chrochadh ach uair amháin.” “Bhí a fhios agam,” arsa Éamonn, “bhí a fhios agam nach ligfeá síos muid.” Lig siad don seol titim sa bhád eile agus tharraing sí isteach lena dtaobh agus chaith duine de na saighdiúirí rópa chucu.

Bhí an t-uisce suas comh hard le glúine Fheadaímó is an chuid eile acu fán am seo agus thosaigh na saighdiúirí ag gáire. “Bunch of stupid Paddies, try to get away in a boat full of holes.” Sheas sáirsint ag amharc isteach sa bhád orthu. “Ok, nice an easy now, hand the guns over, butts first.” Tugadh na gunnaí dofa agus labhair an sáirsint arís. “Where’s the Colonel then?” “There wasn’t any room for him,” arsa Domhnall and we left him on shore.” “You didn’t hurt our good Colonel, now did you?” arsa an sáirsint, “I’ll be a might pissed off if that be the case.” “He’s fine,” arsa Domhnall, now if you don’t mind, we’re sinking.” Thosaigh na saighdiúirí ag gáire arís agus dúirt an sáirsint go feargach. “This aint no laughing matter, get them on board so we can go and see what the good Colonel has to say.” Shuigh Feadaímó is na boic eile ar dheic an bháid seoil agus a lámha in airde acu i rith an ama. Bhí an lá geal ann nuair a d’ardaigh siad an seol agus rinne Feadaímó cuntas ar na Sasanaigh. Bhí sáirsint agus ceathrar saighdiúir ann chomh maith le cúig mhairnéalach, ach cha raibh na mairnéalaigh ag tabhairt aird ar bith orthu agus iad ag oibriú an bháid isteach chun na cé. Bhí saighdiúirí le feiceáil ar an bhruach ag amharc amach orthu agus iad ag scairteadh rud éigin leis an sáirsint, ach bhí siad rófhada ar shiúl le ciall a dhéanamh den mhéid a bhí siad ag rá “Beidh corp an Choirnéil acu fán am seo” arsa Feadaímó go híseal, “agus chan fáilte a bheas romhainn ar an ché.” Sheas an sáirsint agus a chúl le Feadaímó agus é ag amharc isteach ar an chathair. “The lads on shore don’t look too happy” arsa duine de na saighdiúirí. Go tobann bheir Feadaímó ar dhá chos an tsáirsint agus chaith sé é amach as an bhád. Léim sé ina sheasamh agus lig se scread as. “Tír Chonaill,” agus bhuail sé saighdiúir faoin smig a d’fhág ina chnapán é. Léim Domhnall agus na boic eile ina seasamh fosta agus thosaigh an racán. Thóg Seán ceann de na gunnaí a thit lena thaobh agus scaoil sé duine de na mairnéalaigh a raibh scian ina lámh aige. Chaith Domhnall agus Tuathal saighdiúir eile amach as an bhád agus fuair siad greim ar dhuine eile acu a bhí ag déanamh iarracht a ghunna a dhíriú ar Fheadaímó. Thóg Feadaímó corparáil in airde lena dhá lámh agus chaith sé é thar an taobh. Cha raibh na saighdiúirí ar dhóigh ar bith ullmhaithe don ionsaí seo agus taobh istigh de bhomaite amháin bhí sé uilig thart. Léim duine de na mairnéalaigh thar an taobh agus thosaigh sé ag snámh, ag leanstan an sáirsint agus na saighdiúirí eile isteach i dtreo an bhruaigh. Dhírigh Domhnall agus Tuathal gunnaí ar thriúir de na mairnéalaigh agus sheas siad lena lámha in airde. Bhí an corparáil ag stealladh thart san uisce agus é ag scairteadh. “I canna swim, I canna swim.” Chuaigh sé faoin uisce ansin agus tháinig sé aníos arís. “Can you swim?” arsa Feadaímó, le duine de na mairnéalaigh. “Yes sir,” arsa an mairnéalach go neirbhíseach. “Good,” arsa Feadaímó agus chaith se é amach as an bhád. “Help the corparáil. “You two,” a dúirt sé leis an bheirt eile, “steer this boat upriver and stay midstream.” Lig Domhnall scread uaidh. “Yehaach, chan fhaca mé a dhath cosúil le sin i mo shaol. Maith thú a Fheadaímó.” “Níl muid slán go fóill, arsa Feadaímó. An bhfuil taithí ar bith agaibh ar bhádaí, a fheara? “Níl agamsa” arsa Domhnall agus chroith Páidí a cheann fosta. “Tá curach agamsa is ag Éamonn, arsa Tuathal, “ach sin an méid.” “Cosúil liom fhéin,” arsa Feadaímó, “ach déanfaidh sin gnoithe breá. Coinnigh thusa an maide stiúrtha, a Thuathail agus cuidigh thusa, a Pháidí leis an seol.”

Fán am seo bhí siad ag tarraingt ar shiúl ón chathair ag dul ó dheas agus chonaic siad dragúin ar an bhruach ag leanstan turas an bháid, ach bhí an talamh míchothrom agus garbh agus bhí siad ag titim chun deiridh. “Nuair atá muid amach as radharc agus fada go leor ar shiúl ó na saighdiúirí,” arsa Feadaímó, “rachaidh muid isteach ar an taobh eile.” “Nuair a gheobhaidh mise na bhaile,” arsa Éamonn, “ceannóidh mé achan bhuidéal poitín sa pharóiste.” Thosaigh siad uilig ag gáire.

Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.

# Ag Amharc Siar

Thart fá am an chogaidh bhí Nonnie, iascaire as an Chorrach agus a chriú ag iascaireacht bradán. Amach ó phointe Dhumhaigh oíche amháin thug siad fá deara go raibh mianach in achrann sna heangacha, deas don bhád. Bhí cuid mhór adharc ar an mhianach agus ba é an chiall a bhí le sin ná dá mbuailfeadh bád ceann de na hadharca seo phléascfadh an mianach agus stróicfeadh sé an taobh amach as an soitheach. In am ghairid bheadh an bád ar thóin na farraige. Bád leathdeice a bhí ag Nonni agus ghéar siad an rópa agus lig siad don mhianach agus do na heangacha snámh leo. Choinnigh siad súil ar an mhianach go dtí briseadh an lae agus faoin am sin bhí sé ina luí thíos ag Scoilt a' Chúir, i dteannta an Mhill Mhóir. An gcreidfeá seo, chuaigh siad go deas socair isteach agus de réir a chéile thóg siad na heangacha den mhianach. Nach iad a bhí dána, ach sin ráite, gan na heangacha ní raibh dóigh ar bith acu punt a shaothrú. Deir siad go bhfuil an mianach sin faoin uisce i Scoilt a' Chúir go fóill agus tá súil agam nach mbíonn na tumadóirí ag cur isteach air! Mar a deir na seandaoine, "Rud nach mbaineann duit, ná bain dó."

Tháinig ceann de na mianaigh aníos báighe na Maoile Ruaidhe agus chuaigh sé ar an chladach ag an Rannach, suas in aice le hOileán an Bhráighe. Chuaigh ceann eile trasna go dtí an cladach ag an Rinn Bhuí i bhFánaid. Is cuimhin liom arm na hÉireann ag teacht le hiad a phléascadh. Nuair a pléascadh an ceann ag an Rannach, chrith an teach s'againne i gCluain tSaileach. Thit cuid de na plátaí a bhí ar bharr an drisiúir sa chistin agus scoilt an ghloine i bhfuinneog na cistine. Déarfainn dá mbeinn fhéin agus mo chara as Ros na Binne ag cruinniú faochóg ar an chladach an lá sin nuair a phléasc an mianach, go mbeadh deifir orainn le cnaipe a scaoileadh. Leis an drocham atá ag teacht, seans go mbeidh sú na bhfaochóg agus scallóg oinniún (sin bainne agus oinniúin brúite) ar an bhiachlár don bhliain úr. Níl mórán iomrá ar phineadie anois. Sin arán bán crua brúite le braon bainne. Sin agus scríobadh rian dóite bracháin as tóin an phota. Sin an "chewing gum" a bhí againne nuair a bhí muid óg. Nach muid a bhí ámharach, prátaí an dinnéir istigh faoi bhabhstar na leapa le hiad a choinneáil te dúinn teacht abhaile ón scoil. Sin píotsa s'againne.

Tá cuimhne agam mianach eile teacht isteach ar Thrá na Rossan. Bhí asal agus cairt ag Davy beag na féasóige as Óstán na Trá sna Dúnaibh. Is cuimhin liom é a dhul síos go Trá na Rossan agus scuad de na boic óga as taobh s'againne leis chun



an mianach a thógáil ar an chairt. Bhí stuca cocháin aige ar an chairt le leaba a dhéanamh don mhianach. Bhí an mianach an-trom agus bhí orainn an cairt agus an t-asal a dhingeadh suas Malaigh na Scoile, an rud céanna ag Malaigh Chluain tSaileach agus ansin é a tharraingt chun deiridh ag dul síos Malaigh Mhíobhaigh. Anois dearc ar Davy beag ag siúl le ceann an asail agus greim aige ar an adhastar agus scuad againne thart fán chairt, a dhingeadh. Cha raibh a fhios againne c'acu bhí an mianach beo nó marbh. Fágadh é in aice le hÓstán na Trá agus tá sé ann go fóill. Nach raibh Dia linn nár phléasc sé orainn agus muid ag teacht aníos fríd Chluain tSaileach. Déarfainn go mbeadh an baile scriosta, muidinne sa tsíoraíocht agus Davy beag na féasóige linn.

Bhí mé ag cóisir na seandaoine sa Pavilion le gairid agus thug mé faoi deara go raibh mo chara ann agus é go breabhsánta agus grágán gruaige air. Bhí oíche bhreá cheoil agus damhsa ann agus rinne muid dearmad de na pianta a bhí orainn agus dár gcuid bataí.

*Seo Proinsí arís agus gan mórán céille leis. Déarfainn go bhfuil rámhaillí na Nollag ag cur isteach air.*

**An té a bhfuil uisce is móin aige, tá an saol ina shuí ar a thóin aige.**

# Éigse Sheáin Bháin 2011

Bhí os cionn leathchéad páiste ullmhaithe ag Céim Aniar don chomórtas "Deis a Labhartha" ag Éigse Sheáin Bháin i mBaile na Finne ar 19 Samhain. Cúig rannóg a bhíonn sa chomórtas seo atá oscailte do pháistí bunscoile agus do dhaltaí meánscoile agus tháinig na páistí abhaile le deich nduais ar fad. Seo thíos na buaiteoirí uilig.




*Naíonáin - Tiernán Mac Phaidín (An chéad áit) Seamús Mac Glionn (An dara háit), Áine Ní Chonaill agus Ava Ní Bhaoill (An tríú háit roinnte).*
*Rang 1 & 2 - Odhrán Mac Conaglaigh (An chéad áit), Lisa Dugera (An dara háit), Aobhá Pasoma agus Seán Ó Baoill (An tríú háit roinnte).*



Rang 3 & 4 - Rónán Ó Gallachóir (An chéad áit), Mícheál Pasoma (An dara háit) agus Eva Ní Bhraonáin (An tríú háit).




Meánscoileanna - Edel Ní Ailís (An chéad ait), Catriona Ní Bhaoill (An dara háit) agus Ruaidhrí Mac Conaglaigh (An tríú háit).



Rang 5 & 6 - Breid Marie Ní Bheirin (An chead áit), Mícheál Ó Cathasaigh (An dara háit) agus Hannah Ní Chanainn (An tríú háit).

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

Údarás na Gaeltachta